



# Gealltanais Feidhmíochta 2026 RTÉ

*Straitéis Treo Nua RTÉ 2025-2029 a chur i gcrích*

# Réamhrá

Ullmhaíonn RTÉ Ráiteas Bliantúil ar Ghealltanais Feidhmíochta ('Gealltanais') gach bliain i gcomhréir lena chuspóirí, a straitéis. Tugann RTÉ tuairisc ina Thuarascáil Bhliantúil gach bliain freisin maidir le comhlíonadh nó neamhchomhlíonadh a Ghealltanais. De réir Alt 102(3) den Acht Craolacháin 2009. I gcomhréir le Scéim Ghinearálta an Bhille Craolacháin (Leasú) a bheidh ag teacht i bhfeidhm, chuir RTÉ dréacht de Ghealltanais 2026 faoi bhráid Choimisiún na Meán an 31 Eanáir 2026 lena athbhreithniú. Tar éis comhairliúcháin agus aiseolas breise, chuir RTÉ a ghealltanais chríochnaithe ar aghaidh an 31 Márta 2026 agus fágann an foilsiú sin go bhfuil siad ar fáil ar [rte.ie](http://rte.ie).

Rinneadh ár nGealltanais a fhorbairt chun soiléireacht agus trédhearcacht a chur ar fáil maidir le príomhchuspóirí straitéiseacha RTÉ do 2026, an dara bliain dár straitéis Treo Nua. Cé go bhfuiltear ag díriú ar 2026, leagtar síos inti freisin an bunús do chur i gcrích níos fadtéarmaí straitéise. Ar mhaithe le tacú le fócas níos mó, trédhearcacht agus i gcomhréir leis an luach atá againn ar an gCuntasacht, tá na gealltanais ag teacht le tosaíochtaí sainráite na heagraíochta don bhliain amach romhainn, bunaithe ar na príomhbhreithnithe seo a leanas:

**An Straitéis Treo Nua:**<sup>1</sup> Tá athailíniú déanta ar na tosaíochtaí chun a chinntiú go ndéantar dul chun cinn ar gach sprioc, cé go bhfuil roinnt athrú ar na céimeanna. Tá a dícheall déanta ag Foireann Ceannaireachta RTÉ cothromaíocht a bhaint amach idir ábhar atá dírithe ar an lucht féachana agus éisteachta agus cuspóirí digiteacha a sheachadadh go luath, agus athrú ó bhonn meántéarmach a chinnteoidh go mbeimid in ann seachadadh don lucht féachana agus éisteachta sin amach anseo. Tá Buiséad 2026 RTÉ leagtha amach chun tacú leis na cuspóirí sin.

**Athchóiriú ar Chúrsaí Rialachais:** Mar léiriú ar ár dtiomantas leanúnach d'athchóirithe rialachais agus cultúir, tá moltaí an tSainchoiste Chomhairligh a foilsíodh i mí na Bealtaine 2024 curtha i bhfeidhm agus tá nuashonrú déanta ar Chreat Rialachais RTÉ féin.

**Athrú Cultúir:** An chéad chéim eile den obair maidir le cultúr san eagraíocht; tar éis athnuachan a dhéanamh ar luachanna na heagraíochta anuraidh (Misneach, Cuntasacht agus Meas), agus saincheisteacha tosaíochta a aithint a dteastaíonn gníomhú orthu sa bhliain amach romhainn, tá RTÉ tiomanta a chinntiú go gcuirfear leis na luachanna sin agus lena dtuiscint ar bhonn níos forleithne, go mbeidh siad leabaithe ar leibhéal sistéamach, agus go n-úsáidfear iad mar bhealach chun cinntí agus iompar níos ailínithe a mhúnlú.

Tá sraith de Phríomhtháscairí Feidhmíochta (KPIanna) sínte uailmhianacha forbartha againn a úsáidfimid chun measúnú a dhéanamh ar chomh maith agus atá ár straitéis á cur i bhfeidhm againn. Cuireann ár méadracht do 2026 le sraith chúchóirithe 2025 agus tá

---

<sup>1</sup> [Ráiteas Straitéise 2025 – 2029](#)

méadracht nua curtha léi chun tuilleadh ailínithe a dhéanamh lenár spriocanna, agus mar fhreagairt ar aiseolas a fuarthas ó Choimisiún na Meán.

## Achoimre ar Straitéis Treo Nua RTÉ 2025-2029

Mar a chuir Príomh-Stiúrthóir RTÉ in iúl ina Ráiteas Tosaigh sa straitéis, baineann an straitéis *“le todhchaí RTÉ agus leis an tábhacht a bhaineann le RTÉ a bhfuil bunathrú déanta air. Baineann sé le seirbhís phoiblí atá láidir agus neamhspleách a sholáthar, seirbhís a bheidh ar fáil do chách; baineann sé le heagraíocht atá iontaofa a chruthú a dhéanfaidh beart do lucht féachana agus éisteachta na hÉireann; baineann sé le tacú le huailmhian chruthaitheach agus le nuálaíocht dhigiteach; baineann sé le tacú le cultúr na hÉireann agus le daoine a thabhairt le chéile; baineann sé le léargas a thabhairt ar an tír ar fad agus le tacú leis an tionscal cruthaitheach ar fud an oileáin.*

### **Sprioc 1: An lucht féachana agus éisteachta a mhealladh le hábhar ar ardchaighdeán a théann i gcion orthu**

- a) Straitéis nua maidir le hábhar físe lena dtugtar aghaidh ar roghanna sruthaithe an lucht féachana agus éisteachta
- b) Straitéis nua ábhair fuaimne ina gcuirtear scéalta agus guthanna nua os comhair an phobail
- c) Nuacht agus cúrsaí reatha neamhspleácha feabhsaithe don lucht éisteachta agus féachana a bhíonn ag faire ar ábhar digiteach
- d) Sceideal níos leithne de thaibhithe cultúir agus d'imeachtaí poiblí beo

### **Sprioc 2: Táirgí agus seirbhísí sruthaithe den scoth a chur ar fáil**

- a) Táirgí digiteacha ar ardchaighdeán lena gcuirtear eispéireas feabhsaithe pearsantaithe ar fáil
- b) An RTÉ Player a fhorbairt mar cheann scríbe iomaíoch chun ábhar físe a shruthú
- c) Bealaí nua a sheoladh chun éisteacht le hAipeanna Fuaimne agus Nuachta RTÉ agus a bheith ar an eolas fúthu
- d) Teacht a bheith ag an lucht féachana agus éisteachta ar Chartlanna méadaithe agus digitithe RTÉ

### **Sprioc 3: Léiriú agus fostaíocht a éagsúlú ar fud na hÉireann**

- a) Coimisiúnú méadaithe chun cur le héagsúlacht ábhair agus tionscnaimh
- b) Infheistíocht i saoráid léiriúcháin nua i gCorcaigh
- c) Athchothromú fostaíochta ó Bhaile Átha Cliath go dtí líonra d'ionaid RTÉ.

### **Sprioc 4: Bainistiú agus feidhmíocht láidir airgeadais a chinntiú**

- a) Tuairisciú agus feidhmíocht thrédhearcach laistigh de shamhail airgeadais inbhuanaithe
- b) Costais oibriúcháin a rialú agus a laghdú agus dlús a chur le héifeachtúlachtaí
- c) Rath tráchtála le béim ar ioncam tráchtála digiteach atá ag dul i méid
- d) An plean caipitil a fhorbairt le haghaidh saoráidí agus bonneagar Dhomhnach Broc

### **Sprioc 5: Eagraíocht inbhuanaithe, iontaofa agus fhreagrach a fhorbairt**

- a) Fórsa saothair athoilte, níos lú agus níos sofhreagrúla
- b) Timpeallacht dhearfach oibre a chothú
- c) Dea-chleachtas maidir leis an éagsúlacht agus leis an ionchuimsiú a leabú
- d) Feidhmiú de réir an chreata rialachais is fearr dá bhfuil ann

## **Forléargas ar Thosaíochtaí Straitéiseacha 2026**

### **Ábhar a Imríonn Tionchar agus Eispéiris Dhigiteacha**

- Ceiliúradh a dhéanamh ar RTÉ 100, tionscnamh comórtha céad bliain, chun comóradh a dhéanamh ar 100 bliain de Mheáin Seirbhíse Poiblí, agus ar an scéalaíocht chomhroinnte, in Éirinn. Trí ábhar coimeádta agus imeachtaí, déanfar ceiliúradh ar an réimse fadmharthanach atá curtha ar fáil ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn cultúir ag an eagraíocht don náisiún, agus muid ag cur athrú uailmhianach ar RTÉ le haghaidh céad bliain eile.
- Straitéis ábhair físe faoi stiúir an lucht féachana a chur i gcrích chun an méid ábhair a shruthaítear a fhás agus an t-ábhar líneach a choinneáil ag imeacht ag an am céanna, trí thús áite a thabhairt don infheistíocht in ábhar ardtionchair. Tá sé i gceist againn cur le líon na n-uaireanta an chloig d'ábhar físe scrípte ardtionchair a chuirimid ar fáil. Beidh straitéis nua do pháistí agus ár gcéad Phlean Gaeilge 2026-2028 eile le foilsiú in 2026 freisin.
- Feabhas a chur ar phearsanú RTÉ Player, agus feabhas breise a chur ar an gcomhéadan úsáideora agus ar eispéireas an úsáideora ag an am céanna. I measc na bpríomh-gharspriocanna tá an chatalóg ábhair a mhéadú go dtí 5,700 uair an chloig, cur leis an ábhar is féidir a íoslódáil as líne agus cainéal TCÉ nua ar RTÉ Player a thástáil ar bhonn píolótach.
- Leanúint den straitéis fuaimne aonair aontaithe a chur i bhfeidhm. Athshuíomh RTÉ Radio 1 a thabhairt chun críche bunaithe ar an sceideal nua atá ar an aer i rith na seachtaine, straitéis shoiléir faoi stiúir an lucht éisteachta a chur i bhfeidhm do 2fm a dhíríonn ar lucht éisteachta níos óige, agus straitéisí soiléire a fhorbairt do lyric fm agus RnaG chun a n-inbhuanaitheacht agus a bhfás amach anseo a chinntiú.
- An Aip Fuaimne nua a sheoladh chun rochtain gan srian a sholáthar ar na seirbhísí go léir atá againn cheana chomh maith le punann méadaithe d'ábhar digiteach. Mar thoradh air sin beidh taithí níos fearr ag úsáideoirí, coimeádaíocht ábhair agus beidh an t-ábhar níos feiceálaí agus níos éasca le teacht air.
- Rogha iomlán de podchraoltaí bunaidh a sheoladh in éineacht leis an Aip Fuaimne, le teidil nua ar fud seánraí éagsúla á gcur ar fáil i rith na bliana.

- Leanúint de chur le clúdach digiteach Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ tríd an Aip Nuachta nua a sheoladh, ar na meáin shóisialta, podchraoltaí agus trí shnáithe Clarity RTÉ. In 2026, cuirfidh Clarity leis an úsáid a bhaineann sé as fíorú físe agus anailís meiteashonraí chun saincheisteanna casta a mhíniú agus chun muinín a neartú.
- Tabhairt faoi fhiosrúcháin ardtionchair i rith na bliana a nochtann an fhírinne cheilte agus a thugann guth dóibh siúd nach bhfaigheann aird go minic. Áirítear orthu sin cláir faisnéise, podchraoltaí agus tionscnaimh il-ardáin; d'fhéadfaí roinnt acu a chur ar fáil i gcomhar le foinsí nuachta eile.
- Dhearbhaigh Launch síniú isteach éigeantach do tháirgí físe agus fuaim RTÉ, rud a chumasaigh sonraí léargais do chruthaitheoirí ábhair, do choimisinéirí agus d'fhoirne tráchtála.
- Leanúint le clár digitithe chartlann RTÉ agus raon feidhme tionscadail amach anseo chun rochtain phoiblí ar ábhar ónár gcartlann a fheabhsú trí ábhar coimeádta agus áiseanna cuardaigh feabhsaithe ó 2027 ar aghaidh.

I [bpreaseisiúint](#) RTÉ, inar fógraíodh rogha de chláir bhunaidh Éireannacha le haghaidh thús na bliana 2026, tugadh léargas ar an gcineál ábhair ardtionchair a spreagfaidh straitéis ábhair RTÉ.

## An Eagraíocht a Athrú ó Bhonn

### Samhlacha nua oibriúcháin agus léirithe

- An infheistíocht in earnáil léiriúcháin neamhspleách na hÉireann a mhéadú go suntasach go 24% de mhaoiniú poiblí RTÉ agus Cistí Síol a sheoladh: ceann amháin le haghaidh físeáin a bhfuil script leo agus ceann eile le haghaidh físeáin nach bhfuil script leo, agus déanfar cuid shuntasach dár n-aschur podchraoltóireachta a choimisiúnú.
- Tabhairt faoi staidéir féidearthachta ar *Fair City* agus *The Late Late Show* a bhogadh chuig samhlacha léiriúcháin lasmuigh den láthair.
- Treochlár Mhol Léiriúcháin Chorcaí a chur chun cinn. Ón mol seo, déanfaimid ábhar nua a choimisiúnú, gníomhaíocht a spreagadh chun an geilleagar cruthaitheach a fhás go háitiúil agus cur le comhpháirtíochtaí RTÉ chun tionchar a imirt ar lucht féachana agus éisteachta. Tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an bpleanáil le haghaidh réitigh teicneolaíochta nua-aimseartha atá oiriúnach don fheidhm i nDomhnach Broc, chun tacú le samhlacha léiriúcháin amach anseo, bealaí nua oibre agus ailíniú le hailtíreacht theicniúil RTÉ a chinntiú.

## **Acmhainní Daonna agus Foireann RTÉ**

- Faoi réir ceadú foirmiúil, cuirfear tús leis an dara babhta de Chlár RTÉ maidir le Fágáil go Deonach, a bhfuil sé i gceist leis, mar aon le deireadh straitéiseach a chur le ról, laghdú suas le 400 duine a chur ar an bhfoireann thar théarma na straitéise agus ar chostais foirne.
- Creat Gairme RTÉ a sheoladh, le tacaíocht ó chumarsáid shoiléir agus oiliúint bainisteoirí, agus tagarmharcáil pá a thabhairt chun críche chun bonn eolais a chur faoi pholasaithe luacha saothair agus struchtúir phá amach anseo. Déanfar iniúchadh cuimsitheach ar scileanna a chomhtháthú leis an gCreat chun bearnaí a aithint, bealaigh foghlama a ailíniú le riachtanais ghnó agus forbairt inniúlachta agus deiseanna gairme.
- Soláthar an Chórais Faisnéise Acmhainní Daonna (HRIS) nua a chur chun cinn chun réiteach comhtháite amháin a chur in ionad chórais neamhspleácha éagsúla lena n-éascaítear sonraí fíor-ama le haghaidh tuairiscithe agus taithí fostaithe.

Is cuid bhunúsach i dtaobh chúig sprioc uile RTÉ agus ár dtosaíochtaí straitéiseacha 2026 a bhaint amach iad na hAthchóirithe Rialachais agus an tAthrú Cultúir atá beartaithe.

## **Athchóiriú ar Chúrsaí Rialachais**

In éineacht le ceapadh an Phríomhoifigigh Riosca agus Comhlíontachta nua ar leibhéal na Foirne Ceannaireachta (agus an leathnú atá beartaithe ar an bhfeidhm seo), cuirfidh an eagraíocht na gnéithe deiridh de mholtaí an Choiste Chomhairligh Saineolaithe i gcrích, agus rachaidh sí chun cinn leis an obair ar fheidhm agus cultúr riosca agus comhlíontachta níos aibí a fhorbairt laistigh den eagraíocht. Tacófar leis sin trí dhíriú níos mó ar oiliúint foirne agus ar fhorbairt feasachta, chomh maith le hathbhreithnithe sistéamacha a bhfuil sé i gceist leo a chinntiú go mbeidh córais rialachais, chomhlíontachta agus tuairiscithe RTÉ éifeachtach maidir lena oibleagáidí riosca agus comhlíontachta a bhainistiú. Tá pleananna ar bun chun feabhas a chur ar chórais fhoriomlána bainistíochta riosca fiontair, tuairiscithe inbhuanaitheachta agus dearbhaithe ar fud na heagraíochta. Tacóidh feabhsú fheidhm na hIníochóireachta Inmheánaí freisin le caighdeán níos fearr trédhearcachta agus cuntasachta ina leith sin.

## **Athrú Cultúir**

Cuireadh Céim I den obair sin i gcrích in 2025 lena n-áirítear iniúchadh cultúir, athrú ó bhonn ar luachanna eagraíochta, an chéad suirbhé ar chultúr na foirne agus Cairt Chultúir nua a sheoladh. Is éard atá i gceist le Céim II a chinntiú go nglactar leis na luachanna cultúir ar bhealach níos comhtháite ar fud na heagraíochta. Beidh rannpháirtíocht na foirne ríthábhachtach agus tá sé i gceist le ceapadh ról nua an Cheannaire Rannpháirtíochta Foirne go dtacófar le hidirphlé feabhsaithe ar gach leibhéal laistigh den eagraíocht

agus feabhas a chur ar thaithí san ionad oibre. Mar thosaíocht, tá RTÉ tiomanta do thacaíocht a thabhairt do réimse tionscnamh atá bunaithe ar léargais agus moltaí foirne i roinnt réimsí tosaíochta lena n-áirítear Rannpháirtíocht Foirne, Tacú le Deiseanna Gairme, Coinníollacha san Ionad Oibre, agus Aitheantas agus Luach Saothair.

# Méadracht Ghealltanais Feidhmíochta 2026

Spriobheart	Sprioc
<b>Sprioc 1: An lucht féachana agus éisteachta a mhealladh le hábhar ar ardchaighdeán a théann i gcion orthu</b>	
a) Dearcadh an phobail go gcuireann RTÉ ábhar N&CR atá iontaofa ar fáil a fhás	76%
b) An dearcadh i measc an phobail go gcoinníonn RTÉ ar an eolas mé a fhás	75%
c) An dearcadh i measc an phobail go bhfuil RTÉ siamsúil a fhás	70%
d) An dearcadh i measc an phobail go gcuireann RTÉ seirbhís chuimsitheach ar fáil do lucht labhartha na Gaeilge a fhás	70%
e) 'Soláthar 365' TG4 a shásamh i gcomhréir le ceanglais Alt 120 den Acht	365 uair an chloig
f) Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar am caite le RTÉ	Tuairisciú
<b>Sprioc 2: Táirgí agus seirbhísí sruthaithe den scoth a chur ar fáil</b>	
a) Lucht spéise seachtainiúil le haghaidh seirbhísí uile RTÉ (18+)	90%
a) Lucht spéise seachtainiúil le haghaidh seirbhísí uile RTÉ (18-34)	80%
c) Dearcadh an phobail go bhfuil ábhar agus seirbhísí ardchaighdeán ag RTÉ a fhás	65%
d) Cuaireanna ar phunann táirgí digiteacha RTÉ	900M
e) An dearcadh i measc an phobail go bhfuil teacht go héasca ar chlár agus ar sheirbhísí RTÉ ar réimse deiseanna a fhás	75%
<b>Sprioc 3: Léiriú agus fostaíocht a éagsúlú ar fud na hÉireann</b>	
a) Caiteachas ar earnáil na léiriúchán neamhspleách a mhéadú	Sprioc Buiséid RTÉ a bhaint amach
b) Cur leis an % de choimisiúin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath	Le deimhniú
c) Méadracht fostaíochta RTÉ a fhorbairt le haghaidh ar fud na hÉireann (do 2027)	Forbairt
<b>Sprioc 4: Bainistiú agus feidhmíocht láidir airgeadais a chinntiú</b>	
a) Buiséad bliantúil an Ghlaneasnaimh Barrachais a bhaint amach	Sprioc Buiséid RTÉ a bhaint amach
b) Punann seirbhísí a sholáthar laistigh de OP/EX buiséadaithe	(baineann le gach méadracht faoi Sprioc 4)
c) Leanúint d'ioncaim trádáilte dhigiteacha a fhás chun an toradh is fearr is féidir a fháil ar an tseirbhís phoiblí	
d) Leanúint de chaiteachas ar chúrsaí digiteacha agus teicneolaíochta mar % de Op Ex an Ghrúpa	
e) Costais oibriúcháin a bhaineann le pearsanra (PROC) mar % de OP/EX	
<b>Sprioc 5: Eagraíocht inbhuanaithe, iontaofa agus fhreagrach a fhorbairt</b>	
a) An dearcadh i measc an phobail go bhfuil RTÉ luachmhar do shochaí na hÉireann a fhás	77%
b) An dearcadh i measc an phobail go bhfuil RTÉ luachmhar domsa go pearsanta a fhás	67%
c) An dearcadh i measc an phobail go bhfuil RTÉ iontaofa a fhás ( <i>É seo a ardú go 65% i rith shaolré na straitéise</i> )	60%
d) Rannpháirtíocht na foirne agus an cultúr oibre a fheabhsú ( <i>rannpháirtíocht 2025, rannpháirtíocht 2026 nó scór comhionann</i> )	55%
e) Moladh Athchóirithe EAC a chur i bhfeidhm ( <i>Eisithe in Aibreán 2024</i> )	90%
f) Astaíochtaí CO2 RTÉ a laghdú 51% faoi 2030 ( <i>i gcomparáid le 2016</i> )	-2% (i gcomparáid le % laghdaithe 2025)